**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1763 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6 Deireadh Fómhair 2021**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 a mhéid a bhaineann leis na maoluithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim in earnáil an fhíona a d'eascair as paindéim COVID-19**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 54, pointí (a), (b) agus (e), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 ón gCoimisiún ([2]), tugadh isteach roinnt maoluithe ar na rialacha a bhí ann cheana, *inter alia*, ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún ([3]) in earnáil an fhíona, maoluithe arbh é ab aidhm dóibh faoiseamh a thabhairt d'oibreoirí chun cuidiú leo déileáil le tionchar phaindéim COVID-19. D'ainneoin a úsáidí atá na bearta sin, áfach, níor éirigh le margadh an fhíona teacht ar a chothromaíocht idir soláthar agus éileamh arís.

(2) Níl paindéim COVID-19 faoi smacht. Ní leor na feachtais vacsaínithe i roinnt réigiún den Aontas agus ar fud an domhain agus tá srianta gluaiseachta agus bearta scartha shóisialta á gcur i bhfeidhm i gcónaí i bhformhór na dtíortha. Fós ar na bearta sin tá srianta a fhorchur maidir le taisteal, méid na gcruinnithe sóisialta, cóisirí príobháideacha, imeachtaí poiblí agus na deiseanna a bheidh ann a bheith ag ithe agus ag ól lasmuigh den áitreabh pearsanta. Tagann laghdú breise ar thomhaltas an fhíona san Aontas, méadú ar stoic agus, ar bhonn ginearálta, bíonn suaitheadh sa mhargadh de bharr thionchar na srianta sin. Baineann an tríú cuid den tomhaltas fíona i roinnt Ballstát leis an turasóireacht. Dá bhrí sin, tá an tomhaltas fíona ag laghdú i gcónaí agus tá na stoic fós ard. Bhí tionchar diúltach tromchúiseach ag éifeachtaí na paindéime maille leis na taraifí a d'fhorchur na Stáit Aontaithe agus an tréimhse sheaca san Eoraip in Aibreán 2021 ar theacht isteach tháirgeoirí fíona an Aontais. Meastar gur laghdú idir 15 % agus 20 % ar an meán ar láimhdeachas earnáil fíona an Aontais an éifeacht a bhí ag an meascán fachtóirí sin uile, agus caillteanais suas le 40 % tuairiscithe ag roinnt cuideachtaí.

(3) Ina theannta sin, tá an éiginnteacht maidir le fad na géarchéime, rud atá deacair fós a thuar mar gheall ar luaineacht thapa an víris, ag cur leis an suaitheadh suntasach atá ann faoi láthair i margadh fíona an Aontais. Ciallaíonn sé sin go dtógfaidh téarnamh na hearnála níos faide ná mar a tuaradh ag tús 2021. Dá bhrí sin, is iomchuí leanúint de thacaíocht shealadach agus eisceachtúil a thabhairt d'earnáil fíona an Aontais chun an méadú ar na féimheachtaí a tuairiscíodh a sheachaint.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020 lena maolaítear ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a mhéid a bhaineann le bearta áirithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a d'eascair as paindéim COVID-19 (IO L 140, 4.5.2020, lch. 40).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2016 lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cláir náisiúnta thacaíochta in earnáil an fhíona (IO L 190, 15.7.2016, lch. 23).

(4) Cur chun feidhme leanúnach na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim in earnáil fíona an Aontais, bearta a tugadh isteach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 agus arna leasú ina dhiaidh sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/78 ón gCoimisiún ([4]), meastar go bhfuil sé sin fíor-riachtanach chun na solúbthachtaí atá ag teastáil chun cláir thacaíochta a chur chun feidhme in earnáil fíona an Aontais a chur ar fáil do na Ballstáit agus d'oibreoirí. Leis an deis a bhí ag na Ballstáit athruithe a thabhairt isteach ina gcláir náisiúnta féin aon uair ba ghá le linn na bliana, go háirithe, cuireadh ar a gcumas do na Ballstáit freagairt go tapa do na himthosca eisceachtúla a bhí ann le míonna beaga anuas agus athruithe a chur isteach ina gcláir thacaíochta chomh luath agus a measadh gur gá. Leis an tsolúbthacht sin cuireadh ar a gcumas do na Ballstáit bearta nua a thabhairt isteach, na bearta a bhí ann cheana a bharrfheabhsú agus bearta a choigeartú níos minice, agus, de réir mar ba ghá, an staid mhargaidh mhearathraitheach á cur san áireamh. Ina theannta sin, leis an tsolúbthacht a tugadh isteach chun an beart maidir le glasbhuaint a chur chun feidhme tugadh an t-am ba ghá d'oibreoirí chun an beart a phleanáil agus an lucht saothair a theastaíonn a aimsiú le hoibriú sna dálaí deacra a d'eascair as paindéim COVID-19.

(5) Ós rud é go bhfuil coinne leis go leanfaidh éifeachtaí phaindéim COVID-19 ar aghaidh tar éis dheireadh na bliana 2021, agus, dá bhrí sin, le linn cuid mhór den bhliain airgeadais 2022, is gá síneadh a chur le cur i bhfeidhm na mbeart a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 ar feadh na bliana airgeadais 2022 ar fad. De bhrí nach bhféadtar na bearta a leagtar amach in Airteagail 3 agus 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 ón gCoimisiún ([5]) a mhaoiniú, áfach, ach amháin faoi chláir thacaíochta san earnáil fíona le linn na mblianta airgeadais 2020 agus 2021 níor cheart feidhm a bheith ag an síneadh maidir leis na bearta sin.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 a leasú dá réir.

(7) Chun an leanúnachas a áirithiú idir na blianta airgeadais 2021 agus 2022, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 16 Deireadh Fómhair 2021.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600**

Leasaítear Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. De mhaolú ar Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, féadfaidh na Ballstáit, i ndáil leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointe (a), agus Airteagail 46 go 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus in Airteagail 3 agus 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 ón gCoimisiún (*), aon uair is gá le linn na mblianta airgeadais 2020 agus 2021 ach tráth nach déanaí ná an 15 Deireadh Fómhair 2021, athruithe a dhéanamh ar a gcláir náisiúnta thacaíochta in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 41(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/78 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/600 lena maolaítear ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/892, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 615/2014, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1368 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/39 a mhéid a bhaineann le bearta áirithe chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim a d'eascair as paindéim COVID-19 (IO L 29, 28.1.2021, lch. 5).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020 maidir le bearta eisceachtúla sealadacha lena maolaítear ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh sa mhargadh san earnáil torthaí agus glasraí agus san earnáil fíona a eascraíonn as paindéim COVID-19 agus ar na bearta a eascraíonn as (IO L 140, 4.5.2020, lch. 6).

Féadfaidh na Ballstáit freisin athruithe den sórt sin a thabhairt isteach ina gcláir náisiúnta thacaíochta aon uair is gá le linn na bliana airgeadais 2022, ach tráth nach déanaí ná an 15 Deireadh Fómhair 2022, i ndáil leis na bearta dá dtagraítear in Airteagal 45(1), pointe (a), agus Airteagail 46 go 52 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus i ndáil leo sin amháin, áfach.

_____

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/592 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2020 maidir le bearta eisceachtúla sealadacha lena maolaítear ar fhorálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh sa mhargadh san earnáil torthaí agus glasraí agus san earnáil fíona a eascraíonn as paindéim COVID-19 agus ar na bearta a eascraíonn as (IO L 140, 4.5.2020, lch. 6)";

(2) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"2. De mhaolú ar Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1150, le linn na mblianta airgeadais 2020, 2021 agus 2022, féadfaidh na Ballstáit:".

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Deireadh Fómhair 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN